Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Feabhra 2022**
**(OR. fr)**

**6004/22**

**FIN 121**
**PE-L 8**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Moltaí ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin i leith cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020<br>– *Glacadh* |

1. I gcomhréir le hAirteagal 14(3) de Rialachán (CE) Uimh. 58/2003[1] agus leis an gcéad mhír d'Airteagal 66 de Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004[2], tá sé de cheangal ar an gComhairle moltaí a tharraingt suas do Pharlaimint na hEorpa maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin.

[1] Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú (IO L 11, 16.1.2003, lch. 1).

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2004 maidir le rialachán caighdeánach airgeadais do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de bhun Rialachán Uimh. 58/2003 ón gComhairle (IO L 297, 22.9.2004, lch. 6.).

2. Ag a bhfíschomhdháil neamhfhoirmiúil an 21 Eanáir 2022 agus a gcruinniú an 25 Eanáir 2022, scrúdaigh comhaltaí an Choiste um an mBuiséad na sé thuarascáil bhliantúla shonracha[3] ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le gníomhaireachtaí feidhmiúcháin, agus tháinig siad ar chomhaontú maidir leis na dréacht-téacsanna mar a leagtar amach san Aguisín iad.

3. Molann an Coiste um an mBuiséad do Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

– na dréachtmholtaí mar atá leagtha amach san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo a ghlacadh; agus

– a shocrú go gcuirfear ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa iad agus an dréacht-litir san Iarscríbhinn a fhormheas chuige sin.

[3] IO C 439, 29.10.2021, lch. 3.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó : Uachtarán na Comhairle

chuig : Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A Uachtaráin Uasail,

I gcomhréir le hAirteagal 14(3) de Rialachán (CE) Uimh. 58/2003[1] agus leis an gcéad mhír d'Airteagal 66 de Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004[2], seolaim chugat, i ndoiciméad ar leithligh[3], moltaí ón gComhairle an 15 Márta 2022 maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin i leith cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

[Clabhsúr dea-mhéine].

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 58/2003 ón gComhairle an 19 Nollaig 2002 lena leagtar síos an reacht maidir le cúraimí áirithe a thabhairt do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin maidir le cláir Chomhphobail a bhainistiú (IO L 11, 16.1.2003, lch. 1).

2 Rialachán (CE) Uimh. 1653/2004 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2004 maidir le rialachán caighdeánach airgeadais do na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin de bhun Rialachán Uimh. 58/2003 ón gComhairle (IO L 297, 22.9.2004, lch. 6).

3 6004/22 + ADD 1.